Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2023/2152(DEC)

18.10.2023

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh 2022: An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne
(2023/2152(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Christine Anderson

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur luach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE;

B. de bhrí gur saintréith de chomhionannas inscne é idé-eolaíocht chúlchéimnitheach, lena dtugtar tosaíocht do ghinmhilleadh, lena gceadaítear d'aon duine roghnú ó liosta neamhtheoranta inscne, agus lena gcaitear drochmheas ar róil thraidisiúnta;

C. de bhrí go raibh tionchar ag an gcostas maireachtála atá ag dul i méid ar fhir agus ar mhná araon; de bhrí go bhfuil meon buan íospartaigh fritorthúil maidir le comhionannas inscne; de bhrí gur cheart go mbeadh comhionannas deiseanna mar sprioc AE;

D. de bhrí gur EUR xxx.xx a bhí i mbuiséad deiridh na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ('EIGE') don bhliain airgeadais 2022, arb ionann é agus méadú xxx % i gcomparáid le 2021;

1. á mheabhrú gur bunaíodh EIGE chun uirlisí a fhorbairt maidir le comhionannas inscne; ag tabhairt dá haire nach ceanglas é sin inár dtréimhsí corracha; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, gur cheart buiséid leithdháilte EIGE a laghdú;

2. ag cur sonrú i leibhéal ard leanúnach chur chun feidhme an bhuiséid ag EIGE, le leithreasaí faoi chomhair gealltanas suas le 9x,92 % in 2022 (i gcomparáid le 97.75 % in 2020);

3. á aithint gur tháinig méadú go xxx % ar chaiteachas oibriúcháin EIGE a tugadh anonn in 2023 (54.79 % in 2022);

4. ag tabhairt dá haire gur dheimhnigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla EIGE, i ngach gné ábhartha, a staid airgeadais an 31 Nollaig 2022 agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna;

5. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach ndéanfaí urscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir EIGE i ndáil le cur chun feidhme a bhuiséid don bhliain airgeadais 2022.